An Bord Pleanála

# Ordú Boird
# Board Order
# 02.VA0017

**FORBAIRT BHONNEAGAIR STRAITÉISIGH**

**Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2015**

**Údaráis Phleanála: Comhairle Contae Mhuineacháin, Comhairle Contae an Chabháin, Comhairle Contae na Mí**

**STRATEGIC INFRASTRUCTURE DEVELOPMENT**

**Planning and Development Acts 2000 to 2015**

**Planning Authorities: Monaghan County Council, Cavan County Council, Meath County Council**

**Iarratas** faoi alt 182A(1) 51 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, de réir pleananna agus sonraí a taisceadh leis an mBord Pleanála ar an 9 Meitheamh, 2015, ráiteas tionchair timpeallachta agus ráiteas tionchair Natura san áireamh a rinne EirGrid plc ó The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath.

**Application** by for approval under section 182A(1) of the Planning and Development Act, 2000, as amended, in accordance with plans and particulars, lodged with An Bord Pleanála, including an environmental impact statement and a Natura impact statement, on the 9th day of June, 2015, by EirGrid plc of The Oval, 160 Shelbourne Road, Ballsbridge, Dublin.

**An Fhorbairt Bheartaithe:**
Leis an idirnascaire iomlán (thart ar 138 km ar fad, lena mbeidh thart ar 34 km de lonnaithe i dTuaisceart Éireann),

**Proposed Development:**
The overall interconnector (approximately 138 kilometres long inclusive of approximately 34

nascfar gréasáin tarchuir leictreachais reatha Thuaisceart Éireann agus na hÉireann idir Turleenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, láimh le Baile an Bhóthair, Contae na Mí. Sainaithníodh an t-idirnascaire seo mar Thionscadal Comhleasa de bhun fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair tras-Eorpaigh fuinnimh.

kilometres located in Northern Ireland) will link the existing electricity transmission networks of Northern Ireland and Ireland between Turleenan, County Tyrone and Woodland, near Batterstown, County Meath. This interconnector has been designated as a Project of Common Interest (PCI) pursuant to the provisions of Regulation (EU) No. 347/2013 of the European Parliament and of the Council of 17th April 2013 on guidelines for trans-European energy infrastructure.

An Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV a bheartaítear, atá suite i gcontaetha Mhuineacháin, an Chabháin agus na Mí, a bheidh ina hábhar don iarratas ar cheadú, tá sí thart ar 103.35 km ar fad agus cuimsítear léi na príomhghnéithe seo a leanas:

The proposed North-South 400 kilovolt Interconnection Development located in Counties Monaghan, Cavan and Meath, which will be the subject of the application for approval, is approximately 103.35 kilometres long and consists of the following principal elements:

(i) Líne tharchuir lasnairde 400 kV nua ciorcaid shingil (a chlúdóidh thart ar 100.5 km ar fad i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí) a shínfidh ó dheas den chuid is mó ag an teorainn dlínse le Tuaisceart Éireann (idir baile fearainn Doohat nó Crossreagh, Contae Ard Mhacha, agus baile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin) go baile fearainn

(i) A new single circuit 400-kilovolt overhead transmission line (covering a distance of approximately 100.5 kilometres in the counties of Monaghan, Cavan and Meath) extending in a generally southerly alignment from the jurisdictional border with Northern Ireland (between the townland of Doohat or Crossreagh, County Armagh, and the townland of Lemgare, County

Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín), Contae na Mí.  Ina theannta sin, trasnaíonn an líne tharchuir a bheartaítear an teorainn dlínse le Tuaisceart Éireann in dhá áit – ó bhaile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin, isteach i mbaile fearainn na Croise Báine, Contae Ard Mhacha, agus ar ais go baile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin. Cuimseoidh an líne tharchuir sin 299 struchtúr tacaíochta cruach laitíse nua (atá idir thart ar 26 m agus 51 m os cionn leibhéal na talún), mar aon leis na seoltóirí, na hinslitheoirí agus gairis eile lena mbaineann.

Monaghan) to the townland of Bogganstown (Electoral District (ED) Culmullin), County Meath. In addition, the proposed transmission line crosses the jurisdictional border with Northern Ireland at two points - from the townland of Lemgare, County Monaghan into the townland of Crossbane, County Armagh and back into the townland of Lemgare, County Monaghan. This transmission line comprises 299 number new lattice steel support structures (ranging in height from approximately 26 metres to 51 metres over ground level), with associated conductors, insulators, and other apparatus.

Leathnóidh an líne nua tharchuir a bheartaítear ar fud na mbailte fearainn seo a leanas i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí:

The proposed new transmission line extends across the following townlands of County Monaghan, County Cavan and County Meath:

**Contae Mhuineacháin:** An Léim Ghearr, Lios Dúin Ghormaíle, Achadh na gCloch, Leacht na Caillí, an tEasán, an Caiseal, an tEanach (Barúntacht Chríoch Mhúrn), Carraig an Iúir, Clár Doire, Corr na Muclach Thuaidh, Doire Shalach (Barúntacht Mhuineacháin), Droim Rúisc, an Charraigeach Ramhar, Corr na nIúr (Barúntacht Mhuineacháin), Gamhscair, Tír Uí Ghréacháin, Corr na Muclach Theas,

**County Monaghan:** Lemgare, Lisdrumgormly, Annaglogh, Latnakelly, Tassan, Cashel, Annagh (Cremorne Barony (By)), Carrickanure, Clarderry, Cornamucklagh North, Derryhallagh (Monaghan By), Drumroosk, Cargaghramer, Cornanure (Monaghan By), Rausker, Terrygreeghan, Cornamucklagh South, Crinkill, Clogher, Drumguillew Lower,

Críonchoill, an Clochar, Droim gColbha Íochtarach, Droim Thamhain, an Ghréach (Barúntacht Chríoch Mhúrn), an Bhreaclaigh (Barúntacht Chríoch Mhúrn), Tulaigh na hInneora, Cúil Troim Éigis, Barrachadh, Achadh Mhic Céir, Droim Iolaird (Barúntacht Chríoch Mhúrn), Tuath, Tulaigh Ghlais, Corr na Sasanach, Corr an Fheannta, an tIomaire Fraoigh, na Srianta, Ardráth, Corr an Bhealaigh (Barúntacht Fhearnaí), Ráth Fiachrach, Corr na Láithreach, an Dumha, an Chorr Liath (Toghroinn Dhroim Chora), Scallchoill agus Bealach na gCeithearn.

Drumhawan, Greagh (Cremorne By), Brackly (Cremorne By), Tullynahinnera, Cooltrimegish, Boraghy, Aghmakerr, Drumillard (Cremorne By), Tooa, Tullyglass, Cornasassonagh, Corrinenty, Ummerafree, Sreenty, Ardragh, Corvally (Farney By), Raferagh, Cornalaragh, Doagh, Corlea (ED Drumcarrow), Scalkill and Ballaghnagearn.

**Contae an Chabháin:** Lios Uí Ghabhann, Drumiller, an Chorr Liath (Barúntacht Chlann Chaoich), Corr na mBeach, an Chorr Ghlas (Toghroinn Lios Uí Ghabhann), Collops, Dingin, Corrycholman, Leitir (Toghroinn Lios Uí Ghabhann), an Chorr Dhúch (Toghroinn Inis Caoin), Laragh, Corr an Aoire (Toghroinn Inis Caoin), Carrowreagh, Clonturkan agus Balloughly.

**County Cavan:** Lisagoan, Drumiller, Corlea (Clankee By), Cornamagh, Corglass (ED Lisagoan), Collops, Dingin, Corrycholman, Leiter (ED Lisagoan), Cordoagh (ED Enniskeen), Laragh, Corraneary (ED Enniskeen), Carrowreagh, Clonturkan and Balloughly.

**Contae na Mí:** Bóthar Liath, Moorlagh, Tullyweel, Lislea, Achadh Mór, Shancor, Towas, an tÉadan, Buíonach (Toghroinn Chill Mhaighneann), Allt Maise (Toghroinn Bhaile Chrúis), Baile Chrúis (Toghroinn Bhaile Chrúis), Brittas, Ráth Úd, Raffin, Clooney, Baile

**County Meath:** Boherlea, Moorlagh, Tullyweel, Lislea, Aghamore, Shancor, Towas, Eden, Boynagh (ED Kilmainham), Altmush (ED Cruicetown), Cruicetown (ED Cruicetown), Brittas, Rahood, Raffin, Clooney, Drakerath, Mountainstown,

an Drácaigh, Mountainstown, Dústún (Toghroinn Bhaile an Chaisleáin), Fletcherstown, Cluain an Ghaill, Baile Órthaí, Diméin Bhaile Ghib, Tailtin, Caisleán Mháirtín, Tankardstown (Toghroinn Ard Breacáin), Grange (Toghroinn Ard Breacáin), Durhamstown, Neillstown (Toghroinn Ard Breacáin), Baile an Bhiataigh (Toghroinn Ard Breacáin), Ongenstown (Toghroinn Ard Breacáin), Baile na nGael (Toghroinn Ard Breacáin), Halltown, Baile an Teampaill, Philpotstown (Toghroinn Bheigthí), Rataine, Dunlough, Balbrigh, Dunganny, Ráth an Eallaigh, Trubley, Knockstown (Toghroinn Chill Chúile), Knockstown (Toghroinn Chill Mheasáin), Creroge, Crumpstown nó Marshallstown (Toghroinn Ghalltroma), Branganstown, Boycetown, Galltroim, Baile Mháirtín (Toghroinn Ghalltroma), Derrypatrick, Cúil Mhaoilín, Baile na Coille (Toghroinn Chúil Mhaoilín), Curraghtown (Toghroinn Chúil Mhaoilín), agus Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín).

Dowdstown (ED Castletown), Fletcherstown, Cluain an Ghaill (Clongill), Baile Órthaí (Oristown), Diméin Bhaile Ghib (Gibstown Demesne), Tailtin (Teltown), Castlemartin, Tankardstown (ED Ardbraccan), Grange (ED Ardbraccan), Durhamstown, Neillstown (ED Ardbraccan), Betaghstown (ED Ardbraccan), Ongenstown (ED Ardbraccan), Irishtown (ED Ardbraccan), Halltown, Churchtown, Philpotstown (ED Bective), Rataine, Dunlough, Balbrigh, Dunganny, Rathnally, Trubley, Knockstown (ED Kilcooly), Knockstown (ED Kilmessan), Creroge, Crumpstown or Marshallstown (ED Galtrim), Branganstown, Boycetown, Galtrim, Martinstown (ED Galtrim), Derrypatrick, Culmullin, Woodtown (ED Culmullin), Curraghtown (ED Culmullin) and Bogganstown (ED Culmullin).

Áirítear leis an bhforbairt a bheartaítear forbairt i gceantar Gaeltachta, lonnaithe sna bailte fearainn seo a leanas: Cluain an Ghaill, Baile Órthaí, Diméin Bhaile Ghib agus Tailtin (atá go léir i gContae na Mí).

The proposed development includes development in a Gaeltacht area, located in the townlands of Cluain an Ghaill (Clongill), Baile Órthaí (Oristown), Diméin Bhaile Ghib (Gibstown Demesne) and Tailtin

(ii) Is gá mionathruithe a dhéanamh ar thrí líne lasnairde 110 kV reatha. I measc na mionathruithe, cuirfear sraitheanna cuaillí breise isteach agus / nó cuirfear sraitheanna cuaillí níos ísle (idir 11.5 m agus 19 m ar airde os cionn leibhéal na talún) in ionad struchtúir reatha sna láithreacha seo a leanas:

- Cóngaracht an áit a dtrasnaíonn an líne tharchuir lasnairde 400 kV a bheartaítear leis an líne tharchuir 110 kV Lisdrum-Lú i nDroim Rúisc, Contae Mhuineacháin.
- Cóngaracht an áit a dtrasnaíonn an líne tharchuir lasnairde 400 kV a bheartaítear leis an líne tharchuir 110 kV Lú-Rathrussan i gCorr an Fheannta agus sa Chorr Bhán, Contae Mhuineacháin.
- Cóngaracht an áit a dtrasnaíonn an líne tharchuir lasnairde 400 kV a bheartaítear leis an líne tharchuir 110 kV Ármhach-na hUaimhe i nDiméin Bhaile Ghib agus Tailtin, Contae na Mí.

(iii) Ciorcad 400 kV nua a shínfidh

(Teltown), all in County Meath.

(ii) Modifications are required to three number existing 110 kV overhead lines. The modifications comprise the insertion of additional polesets and/or replacement of existing structures with polesets of shorter height (ranging in height from approximately 11.5 m to 19 m over ground level) in the following locations:

- The vicinity of where the proposed 400 kV overhead transmission line intersects with the Lisdrum Louth 110 kV transmission line, in Drumroosk, County Monaghan.
- The vicinity of where the proposed 400 kV overhead transmission line intersects with the Louth-Rathrussan 110 kV transmission line, in Corrinenty and Corbane, County Monaghan.
- The vicinity of where the proposed 400 kV overhead transmission line intersects with the Arva-Navan 110 kV transmission line, in Diméin Bhaile Ghib (Gibstown Demesne and Tailtin (Teltown), County Meath.

(iii) The addition of a new 400-kilovolt

thart ar 2.85km feadh an taoibh thuaidh nach bhfuil á úsáid faoi láthair den líne tharchuir 400 kV atá ann cheana idir an tSeansráid agus Fearann na Coille, a shínfear soir ó bhaile fearainn Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín) a fhad le Fostáisiún Fhearann na Coille 400 kV de chuid BSL atá ann cheana i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí, agus a thrasnóidh na bailte fearainn seo a leanas i gContae na Mí: Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín), Curraghtown (Toghroinn Chúil Mhaoilín), Gaulstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín), Hayestown, Creemore agus Fearann na Coille. Na struchtúir thacaíochta cruach laitíse chiorcaid dhúbailte atá feadh na líne sin atá ann cheana, tá siad éagsúil ó thaobh airde de, idir thart ar 52 m go 61 m os cionn leibhéal na talún.

(iv) Oibreacha gaolmhara ar shuíomh atá thart ar 0.544 ha ar achar laistigh d’Fhostáisiún Fhearann na Coille 400 kV de chuid BSL atá ann cheana agus fíorchóngarach dó i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí, lena n-áirítear: síneadh an bhábhúin atá ann cheana siar (thart ar 0.231 ha), lena n-áirítear mionathruithe gaolmhara ar an gclaí pailise 2.6 m ar airde atá ann cheana; trealamh leictreach agus

circuit for approximately 2.85 kilometres along the currently unused northern side of the existing Oldstreet to Woodland 400-kilovolt transmission line, extending eastwards from the townland of Bogganstown (ED Culmullin) to the existing ESB Woodland 400-kilovolt substation, in the townland of Woodland, County Meath, and crossing the following townlands in County Meath: Bogganstown (ED Culmullin), Curraghtown (ED Culmullin), Gaulstown (ED Culmullin), Hayestown, Creemore and Woodland. The existing double circuit lattice steel support structures along this existing line range in height from approximately 52 metres to 61 metres over ground level.

(iv) Associated works on a site of approximately 0.544 ha within and immediately adjacent to the existing ESB Woodland 400 kV substation, in the townland of Woodland, County Meath to include: a western extension of the existing compound (of approximately 0.231 ha) including associated modifications to the existing 2.6 metre high palisade boundary fence; the addition of

gaireas leictreach a chur leis, lena n-áirítear scoradán ciorcaid, claochladáin srutha, claochladáin phoitéinsil ionduchtacha, dínascairí, lasca dínasctha pantagraif, coscairí borrtha, inslitheoirí tacaíochta agus barraí inslitheora tacaíochta (a bheidh idir thart ar 7.4 m agus 13.7 m ar airde); struchtúir dhroichid (thart ar 28 m); aeróg aonpholach thintrí (thart ar 28 m) agus na hoibreacha gaolmhara agus coimhdeacha tógála agus forbartha suímh uile.

(v) Clós stórála sealadach gaolmhar le haghaidh ábhar tógála a bheidh suite i mbailte fearainn Mhuinilte Dubh agus Mhuinilte Bán, Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin, ar láithreán atá thart ar 1.4 ha ar achar, lena n-áirítear oibreacha gaolmhara suímh, bealach isteach nua chuig an láithreán ar Bhóthar Áitiúil an L4700, fálú gaolmhar pailise teorann a bheidh 2.6 m ar airde (agus bacainn torainn air) agus áiseanna gaolmhara coimhdeacha agus spásanna gaolmhara coimhdeacha páirceála don fhoireann.

(vi) An fhorbairt ghaolmhar agus choimhdeach ar fad lena n-áirítear oibreacha a chuimsíonn nó a bhaineann le tógáil agus le tochailt bhuan agus shealadach.

Cuireadh Ráiteas Tionchair

electrical equipment and apparatus including circuit breaker, current transformers, inductive voltage transformers, disconnectors, pantograph disconnecting switches, surge arresters, support insulators and support insulator bars (all ranging in height from approximately 7.4 m to 13.7 m); gantry structures (approximately 28 m); and a lightning monopole (approximately 28 m); and all associated ancillary construction and site development works.

(v) An associated temporary construction material storage yard to be located in the townlands of Monaltyduff and Monaltybane, Carrickmacross, County Monaghan, on a site of approximately 1.4 hectares, including associated site works, new site entrance onto the L4700 Local Road, associated 2.6-metre high boundary palisade fencing (with noise barrier affixed) and associated ancillary staff facilities and parking.

(vi) All associated and ancillary development including works comprising or relating to permanent and temporary construction and excavation.

Both an environmental impact

Timpeallachta (EIS) agus Ráiteas Tionchair Natura (NIS) araon i dtoll a chéile i leith na forbartha a bheartaítear. Chomh maith leis sin, d'ullmhaigh EirGrid cpt agus SONI Ltd Comhthuarascáil Chomhshaoil (JER) i leith an idirnascaire fhoriomláin ó Chontae Thír Eoghain go Contae na Mí, agus tugadh aird chuí ann ar an Treoir maidir le Feidhmiú an Nóis Imeachta um Measúnacht Tionchair Timpeallachta do Thionscadail Mhórscála Trasteorann) ón gCoimisiún Eorpach (Bealtaine 2013).

Is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt a bheartaítear ar an gcomhshaol i dTuaisceart Éireann, ceantar i mBallstát den Aontas Eorpach (i.e. Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann).

## An Cinneadh

CEADÚ a thabhairt don fhorbairt bheartaithe thuasluaite faoi alt 182B den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, de réir pleananna agus sonraí atá ráite, bunaithe ar na cúiseanna agus tuisceana thíos, agus faoi réir na gcoinníollacha leagtha amach thíos.

An méid suime a n-íocfaidh an t-iarratasóir a SHOCRÚ faoi alt 182B, arna leasú, mar atá sé leagtha amach i Sceideal na gCostas thíos a bhaineann

statement and a Natura impact statement have been prepared in respect of the proposed development. In addition, a Joint Environmental Report has been prepared by EirGrid plc and SONI Ltd in respect of the overall interconnector from County Tyrone to County Meath, having had regard to the European Commission Guidance on the Application of the Environmental Impact Assessment Procedure for Large-Scale Transboundary Projects (May 2013).

The proposed development is likely to have significant effects on the environment of Northern Ireland, an area of a Member State of the European Union (i.e. United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland).

## Decision

APPROVE the proposed development under section 182B of the Planning and Development Act, 2000, as amended, in accordance with the said plans and particulars based on the reasons and considerations under and subject to the conditions set out below.

DETERMINE under section 182B, as amended, the sum to be paid by the applicant in respect of costs associated with the application as set

le costais an iarratais.

**Na hÁbhair a cuireadh san Áireamh**

Ag déanamh a chinnidh, thug an Bord aird ar na nithe áirithe atá dualgas air, de bhua na n-Achtanna um Pleanáil agus Forbairt agus na Rialachán arna ndéanamh fúthu, aird a thabhairt dóibh. San áireamh bhí aon aighneacht agus tuairim a fuair an Bord faoi réir forálacha reachtúla.

## Cúiseanna agus Cúinsí

**Ag déanamh a chinnidh dó thug an Bord aird ar na nithe seo a leanas:**

(a) na buntáistí a ghlactar leo ar leibhéal an AE a thagann ó chomhcheangal eangacha leictreachais mar atá léirithe leis an bhforbairt atá beartaithe a ainmniú mar Thionscadal Leasa Choitinn (TLC),

(b) forálacha Straitéise Spáis Náisiúnta 2002-2020 na hÉireann ina gcuireadh béim ar neartú na ngréasán fuinnimh sna réigiúin.

(c) forálacha Pháipéar Bán an Rialtais 'Athrú sa todhchaí i gcás na hÉireann go geilleagar ísealcharbóin 2015-2030',

(d) forálacha sa pholasaí an Rialtais mar gheall ar an tábhacht straitéiseach

out in the Schedule of Costs below.

**Matters Considered**

In making its decision, the Board had regard to those matters to which, by virtue of the Planning and Development Acts and Regulations made thereunder, it was required to have regard. Such matters included the submissions and observations received by it in accordance with statutory provisions.

## Reasons and Considerations

**In coming to its decision, the Board had regard to the following:**

(a) the benefits of integration of national electricity grids recognised at European Union level and reflected in the designation of the proposed development as a Project of Common Interest (PCI),

(b) the provisions of the National Spatial Strategy for Ireland 2002-2020, which seeks to strengthen energy networks in the regions,

(c) the provisions of the Government White Paper 'Ireland's Transition to a Low Carbon Energy Future 2015-2030',

(d) the provisions of the 'Government Policy Statement on the Strategic

a bhaineann leis an gcóras tarchurtha agus le bonneagar fuinnimh eile (2012),

(e) forálacha i straitéis fhorbairt ghréasáin EirGrid 'Do Ghréasán, Do Thuairimí, Do Thodhchaí' (2015),

(f) forálacha i 'Grid 25', straitéis EirGrid mar gheall ar fhorbairt na ngréasán tarchurtha,

(g) forálacha sna treoirlínte d'Údarás Réigiúnach na Teorann 2010-2022, agus forálacha sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2010-2022,

(h) na forálacha i bPlean Forbartha Contae Mhuineacháin 2013-2019; na forálacha i bPlean Forbartha Contae an Chabháin 2014-2020 agus na forálacha bPlean Forbartha Contae na Mí 2013-2019,

(i) na cáipéisí ar an gcomhad, san áireamh:

- (a) An ráiteas tionchair timpeallachta,
- (b) An ráiteas tionchair Natura,
- (c) An Tuarascáil Timpeallachta Chomhpháirteach,
- (d) Na haighneachtaí agus na tuairimí a rinneadh leis an iarratas chomh maith leis na cinn a rinneadh ag an éisteacht ó bhéal,
- (e) Freagra an iarratasóra ar

Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure' (2012),

(e) the provisions of EirGrid's grid development strategy 'Your Grid, Your Views, Your Tomorrow' (2015),

(f) the provisions of Grid 25, EirGrid's transmission network development strategy,

(g) the provisions of the Border Regional Authority Planning Guidelines 2010-2022, and the provisions of the Regional Planning Guidelines for the Greater Dublin Area 2010-2022,

(h) the provisions of the Monaghan County Development Plan 2013-2019; the provisions of the Cavan County Development Plan 2014-2020 and the provisions of the Meath County Development Plan 2013-2019,

(i) all documentation on file including:

- (a) The environment impact statement,
- (b) The Natura impact statement,
- (c) The Joint Environmental Report,
- (d) The submissions and observations made in respect of the application, including at the oral hearing,
- (e) The applicant's response to the submissions received, and

aighneachtaí a rinneadh

(j) tuarascáil agus moladh an Chigire Pleanála Shinsearaigh.

**Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí (Céim 1)**

Thug an Bord faoi deara nach raibh an fhorbairt bainteach go díreach le haon láithreán Eorpach suíomh nó nach raibh aon ghá leis ó thaobh bhainistiú láithreán Eorpach.

**Thug an Bord aird ar na nithe seo a leanas:**

- an ráiteas tionchair Natura a seoladh leis an iarratas agus na cáipéisí ar an gcomhad,
- na haighneachtaí ó na húdaráis phleanála, ó na comhlachtaí forordaithe agus ó na breathnóirí san áireamh na cinn ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a rinneadh le linn an iarratais agus le linn na héisteachta ó bhéal,
- Freagra an iarratasóra ar na haighneachtaí a fuarthas san áireamh an tuarascáil scagtha breise,
- tuarascáil agus moladh an Chigire Shinsearaigh Pleanála dar dáta 14 Samhain, 2016, agus
- nóta an Chigire Shinsearaigh Pleanála dar dáta 5 Nollaig, 2016

(j) the report and recommendation of the Senior Planning Inspector.

**Appropriate Assessment Screening (Stage 1):**

The Board noted that the proposed development is not directly connected with or necessary for the management of a European site.

**The Board had regard to:**

- the Natura impact statement submitted with the planning application and the documentation on file,
- the submissions from the planning authorities, prescribed bodies and from the observers, including from the Department of Arts Heritage and the Gaeltacht (DAHG), in the course of the application and at oral hearing stage,
- the applicant’s response to the submissions received including the supplementary screening report,
- the Senior Planning Inspector’s report and recommendation dated the 14th day of November, 2016, and

a seoladh chuig an mBord faoin mbotún clóghrafach ar leathanach 601 dá tuarascáil pleanála.

Rinne an Bord scagadh le haghaidh measúnacht. Thug an Bord faoi deara go raibh measúnú déanta sa ráiteas tionchair Natura ar na láithreáin Eorpacha laistigh de raon 30 km, san áireamh measadh na láithreáin ábhartha Eorpacha atá lonnaithe i dTuaisceart na hÉireann de bharr speicis gluaiseachta a bheith ann ar nós éan geimhrithe. Rinneadh sa ráiteas tionchair Natura chomh maith measúnú ar na Limistéir faoi Chosaint Spesialta atá lonnaithe lasmuigh de raon 30km ón ón láithreáin staidéir (.i. Loch Uachtair agus Lochanna lena mBaineann Limisteir faoi Chosaint Spesialta, Loch Súílí LCS, Loch Feabhail LCS agus Loch nEathach agus Loch Beag LCS) mar tá an eala ghlórach ina speiceas cáilitheach sna suíomhanna seo.

D'aontaigh agus ghlac an Bord leis an scagadh le haghaidh measúnacht chuí a rinne an Cigire Sinsearach Pleanála le haghaidh láithreáin Eorpacha a shainaithint a d'fhéadfadh tionchair a bheith orthu, agus na tionchair shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith

- the Senior Planning Inspector's note to the Board dated the 5th day of December, 2016, pointing out the typographical error on page 601 of her planning report.

The Board completed a screening for appropriate assessment. The Board noted that the Natura impact statement considered European sites within a 30 kilometre radius, including relevant European sites in Northern Ireland due to the presence of mobile species such as wintering birds. The Natura impact statement also took into account several Special Protection Areas located at distances greater than 30 kilometres from the study area (i.e. Lough Oughter and Associated Loughs Special Protection Area, Lough Swilly Special Protection Area, Lough Foyle Special Protection Area and Lough Neagh and Lough Beg Special Protection Area) as the Whooper Swan is a qualifying interest for these sites.

The Board accepted and adopted the screening assessment carried out by the Senior Planning Inspector in respect of the identification of the European sites which could potentially be affected, and the identification and assessment of the potential likely

ann de bharr na forbartha beartaithe, ina haonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó le forbairtí eile, ar na láithreáin Eorpacha seo ó thaobh spriocanna caomhnaithe na láithreán de. Tá an Bord sásta nach mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá beartaithe, ina haonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó le forbairtí eile, ar ocht gcinn de na láithreáin Eorpacha seo a leanas:

- LCS Phortach Choillidh Chonnaidh (Cloch Bhaile Bhig) (Cód an Láithreáin: 000006);
- LCS na Rí agus Chartún (Cód an Láithreáin: 001398);
- LCS Chósta & Inbhear na Bóinne (Cód an Láithreáin: 001957);
- LCS Chuan Dhún Dealgan (Cód an Láithreáin: 000455);
- LCS Strabannan-Bhaile Uí Bhragáin (Cód an Láithreáin: 004091);
- LCS Chósta agus Inbhear na Bóinne (Cód an Láithreáin: 004080);
- LCS Shliabh na Beithí (Cód an Láithreáin: 004167);
- LCS Shliabh na Beithí-an Mhullaigh Fhada-Lios na Scéithe (Cód an Láithreáin: UK902302)

Mar atá leagtha amach i dtuarascáil an Chigire Shinsearaigh Pleanála mheas

significant effects of the proposed development, either individually or in combination with other plans or projects, on these European sites in view of the sites' conservation objectives. The Board was satisfied that the proposed development, either individually or in combination with other plans or projects, would not be likely to have a significant effect on the following eight European sites:

- Killyconny Bog (Cloghbally) SAC (site code 000006);
- Rye Water Valley/Carton Special Area of Conservation (site code 001398);
- Boyne Coast and Estuary Special Area of Conservation (site code 001957);
- Dundalk Bay Special Area of Conservation (site code 000455);
- Stabannan-Braganstown Special Protection Area (site code 004091);
- Boyne Estuary Special Protection Area (site code 004080);
- Slieve Beagh Special Protection Area (site code 004167); and
- Slieve Beagh-Mullaghfad-Lisnaskea Special Protection Area (EU code UK902302).

As set out in the Senior Planning Inspector's report the Board also

an Bord an tuarascáil scagtha breise a rinne an t-iarratasóir mar fheagra ar na haighneachtaí a fuarthas agus faoi imní léirithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi thionchar *ex situ* a d'fhéadfadh a bheith ann ar na speicis imirceacha a bhaineann le Limistéir faoi Chosaint Speisialta in oirthear agus in oirdheisceart na tíre atá lonnaithe idir 40 agus 115 km ón limistéir staidéir. Thug an Bord faoi deara conclúid an iarratasóra sa thuarascáil scagtha breise nach bhfuil aon fhéidearthacht ann tionchar suntasach a bheith ann de bharr na forbartha beartaithe ar na speiceis cháilitheacha sna láithreáin Eorpacha atá luaite cheana féin (ealaí agus géanna imirceacha). D'aontaigh an Bord le moladh an Chigire Shinsearaigh Pleanála a mheas go raibh conclúid an iarratasóra réasúnta de bharr achar agus easpa ceangail atá ann idir na specis atá le fáil go comónta sa limistéir staidéir agus na Limisteir faoi Chosaint Spesialta araon (féach ar lch 601 Tuarascáil an Chigire Shinsearaigh Pleanála).

Ina theannta sin d'aontaigh agus ghlac an Bord leis an scagadh le haghaidh measúnacht chuí a rinne an Cigire Sinsearach Pleanála go raibh seans

considered the supplementary screening report prepared by the applicant in response to submissions received and the Department of Arts Heritage and Gaeltacht concerns in respect of potential ex-situ impacts on migratory species associated with Special Protection Areas in the east and south east of Ireland located between 40 and 115 kilometres from the study area. The Board noted the conclusion in the applicant's supplementary screening report that there is no possibility of significant effects arising from the proposed development that would impact significantly on the qualifying interests (migratory swans and geese) of the referenced European sites. The Board concurred with the Senior Planning Inspector who considered the applicant's conclusion to be "reasonable on the basis of distance and the absence of connectivity between species that are common to both the study area and the relevant Special Protection Areas" (ref. Senior Planning Inspector's Report, page 601).

The Board further accepted and adopted the screening assessment carried out by the Board's Senior Planning Inspector, which concluded

ann tionchair shuntasacha a bheith ann ar ocht gcinn de na láithreáin Eorpacha seo:

- LCS na Bóinne agus na hAbhann Duibhe (Cód an Láithreáin: 002299)
- LCS na Bóinne agus na hAbhann Duibhe (Cód an Láithreáin: 004232)
- LCS Loch Éirne Uachtarach (Cód an Láithreáin: UK9020071)
- LCS Loch Uachtair agus Lochanna Lena mBaineann (Cód an Láithreáin: 004049)
- LCS Loch nEathach agus Loch Beag (Cód an Láithreáin:) UK9020091)
- LCS Loch Súilí (Cód an Láithreáin: 004075)
- LCS Loch Feabhail (Cód an Láithreáin: 004087)
- LCS Chuan Dhún Dealgan (Cód an Láithreáin: 004026)

**Measúnacht Chuí (Céim II)**

Rinne an Bord machnamh ar an eolas ar fad a bhí le fáil sa mheasúnacht scagtha agus a bhí le fáil sna cáipéisí ábhartha atá luaite sna cúiseanna agus sna cúinsí thuas agus bhí an Bord den tuairim go raibh an t-eolas a bhí os a chomhair leordhóthanach gur féidir measúnacht chuí a dhéanamh. Ag tabhairt airde ar na cáipéisí thuasluaite

that there are eight European sites for which there is a possibility of significant effects:

- River Boyne and River Blackwater Special Area of Conservation (site code 002299);
- River Boyne and River Blackwater Special Protection Area (site code 004232);
- Upper Lough Erne Special Protection Area (EU code UK9020071);
- Lough Oughter and Associated Loughs SPA (site code 004049);
- Lough Neagh and Lough Beg Special Protection Area (EU code UK9020091);
- Lough Swilly Special Protection Area (site code 004075);
- Lough Foyle Special Protection Area (site code 004087); and
- Dundalk Bay Special Protection Area (site code 004026).

**Appropriate Assessment (Stage II):**

The Board considered all of the information referred to in the above screening assessment and all of the relevant documentation referred to in the reasons and considerations, above, and concluded that the information before it was adequate to allow the carrying out of an appropriate assessment. Having

agus ar mheasúnacht an Chigire Shinsearaigh Pleanála, rinne an Bord measúnacht chuí ar thionchair na forbartha beartaithe a d'fhéadfadh a bheith ar na hocht gcinn de na láithreáin Eorpacha seo a leanas:

- Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta na Bóinne agus na hAbhann Duibhe (Cód Láithreáin: 002299)
- Limistéar faoi Chosaint Spesialta na Bóinne agus na hAbhann Duibhe (Cód Láithreáin: 004232)
- Limistéar faoi Chosaint Spesialta Loch Éirne Uachtarach (Cód Láithreáin: UK9020071)
- Loch Uachtair agus Lochanna Lena mBaineann (Cód Láithreáin: 004049)
- Limistéar faoi Chosaint Spesialta Loch nEathach agus Loch Beag (Cód Láithreáin UK9020091)
- Limistéar faoi Chosaint Spesialta Loch Súilí (Cód Láithreáin: 004075)
- LCS Loch Feabhail (Cód Láithreáin: 004087)
- LCS Chuan Dhún Dealgan (Cód Láithreáin: 004026)

Cheap an Bord go raibh sé réasúnach a mheas bunaithe ar eolas an chomhaid, agus mheas an Bord go raibh an t-eolas seo leordhóthanach gur féidir Measúnacht Chuí (Céim 2) a

regard to all the documentation referred to and the Senior Planning Inspector's assessment, the Board completed an appropriate assessment of the impacts of the proposed development on the following eight European sites:

- River Boyne and River Blackwater Special Area of Conservation (site code 002299);
- River Boyne and River Blackwater Special Protection Area (site code 004232);
- Upper Lough Erne Special Protection Area (EU code UK9020071);
- Lough Oughter & Associated Loughs Special Protection Area (site code 004049);
- Lough Neagh and Lough Beg Special Protection Area (EU code UK9020091);
- Lough Swilly Special Protection Area (site code 004075);
- Lough Foyle Special Protection Area (site code 004087); and
- Dundalk Bay Special Protection Area (site code 004026).

The Board considered that it was reasonable to conclude on the basis of the information on the file, which the Board considered to be adequate to carry out Appropriate Assessment

dhéanamh, nach ndéanfadh an fhorbairt atá beartaithe, ina haonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó le forbairtí eile dochar do shláine d'aon láithreán Eorpacha ó thaobh spriocanna caomhnaithe na láithreán de, go háirithe an Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta na Bóinne agus na hAbhann Duibhe (Cód an Láithreáin: 002299) nó don Limistéar faoi Chosaint Spesialta na Bóinne agus na hAbhann Duibhe (Cód an Láithreáin: 004232). Agus sin á dhéanamh ghlac an Bord le tuarascáil an Chigire Shinsearaigh Pleanála.

(Stage 2), that the proposed development, individually or in combination with other plans or projects would not adversely affect the integrity of any European site, in particular the River Boyne and River Blackwater Special Area of Conservation (site code 002299) or the River Boyne and River Blackwater Special Protection Area (site code 004232), in view of the sites' conservation objectives. In doing so, the Board adopted the report of the Senior Planning Inspector.

**Ráiteas Tionchair Timpeallachta**

Rinne an Bord ráiteas tionchair timpeallachta ar an bhforbairt bheartaithe, agus mar chuid den sin á gcur san áireamh:

- nádúr, scála, méid agus bealach na forbartha beartaithe;
- ráiteas tionchair timpeallachta a seoladh leis an iarratas;
